

Conas a bheidh a fhios ag na scoláirí go bhfuil siad ag foghlaim?



Tá athrú ag teacht ar an Measúnú sa tSraith Shóisearach chun aitheantas agus luach a thabhairt do na cineálacha éagsúla foghlama a tharlaíonn i scoileanna. Tá scoláirí i gceartlár an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe. Éascóidh sé sin measúnú níos iomláine ar oideachas gach duine óig, cuirfidh sé ar chumas scoláirí a gcuid foghlama a chur in iúl agus tabharfaidh sé deiseanna dóibh fás agus bláthú mar fhoghlaimeoirí. Léiríonn na réimsí a leagtar béim orthu thíos na hathruithe sa mheasúnú a thiocthaidh i bhfeidhm thar thrí bliana na Sraithe Sóisearaí, lena n-áirítear Clár Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2, sa chás go bhfuil siad sin i gceist.

Measúnú Leanúnach sa tSraith Shóisearach

Bliain 1

Bliain 2

Bliain 3

Scoláirí ag machnamh ar a gCuid Foghlama

Spreagtar scoláirí chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil ag éirí leo ina gcuid foghlama, rud a chabhraíonn leo úinéireacht a bheith acu ar a gcuid foghlama agus ar a gcuid forbartha mar fhoghlaimeoirí féinstiúrtha.



Ócáidí Measúnaithe

Pleanálann múinteoirí ceachtanna agus gníomhaíochtaí chun foghlaim a léiriú. Is féidir go mbeadh bailiú fianaise ar eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna an scoláire i gceist leis seo ar feadh na dtrí bliana dá gcuid oideachais sa tSraith Shóisearach.



Aiseolas Foirmitheach

Cuireann múinteoirí tacaíocht leanúnach agus aiseolas ar fáil chun cabhrú le scoláirí na chéad chéimeanna eile dá gcuid foghlama a phleanáil. Moltar comhoibriú idir scoláirí sa chaoi go mbeidh siad ag roinnt a gcuid smaointe agus ag foghlaim le chéile.



Tuairisciú Leanúnach

Déantar dul chun cinn agus gnóthachtáil scoláirí ina gcuid foghlama a thuairisciú le tuismitheoirí le linn na dtrí bliana den tSraith Shóisearach, ag tabhairt léargas ar an áit a bhfuil scoláirí ina gcuid foghlama agus conas is féidir leo tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh.



Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna)

Déanfaidh scoláirí MRBanna i ngach ábhar agus gearrchúrsa. Tarlaíonn siad sin sa dara agus sa tríú bliain agus is iad na múinteoirí a dhéanann measúnú orthu.



An Scrúdú Deiridh agus an Tasc Measúnaithe (TM)

Déanann scoláirí scrúdú deiridh i ngach ábhar ag deireadh an tríú bliain. Lena chois sin, déanfaidh scoláirí tionscadal nó Tasc Measúnaithe machnaimh. Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit a dhéanann measúnú orthu sin.



Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)

Tugann an PGSS léargas cuimsitheach ar ghnóthachtáil scoláire thar thrí bliana na Sraithe Sóisearaí. Is í an scoil a eisíonn an PGSS laistigh den bhliain féilire ina dtarlaíonn an Scrúdú Deiridh.

